# CHÚIRT GHINEARÁLTA

## Ordú na Cúirte Ginearálta an 10 Feabhra 2022 – TO v European Environment Agency

**(Cás T-434/21)** [1]

(2022/C 165/43)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

Níl san Iris Oifigiúil seo ach na fógraí maidir le cásanna ar cuireadh clabhsúr leo roimh an 1 Eanáir 2022 agus mar sin níl leagan Gaeilge ar fáil.

(1) IO C 349 an 30.8.2021

---

## Caingean arna tabhairt an 27 Eanáir 2022 – BNP Paribas v SRB

**(Cás T-71/22)**

(2022/C 165/44)

*Teanga an cháis: an Béarla*

### Páirtithe

*Iarratasóir:* BNP Paribas (Páras, an Fhrainc) (ionadaí: A. Champsaur agus A. Delors, dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Bord Réitigh Aonair (BRA)

### An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— a ordú do BRA an plean réitigh iomláin a cheadaítear faoin gcinneadh réitigh a thabhairt ar aird; [1]

— a dhearbhú nach mór gan forálacha Bheartas ICDI atá faoi chonspóid a chur i bhfeidhm;

— an cinneadh réitigh a chur ar neamhní;

— cinneadh ICDI a chur ar neamhní; [2]

— a ordú do BRA costais dlí agus eile an iarratasóra agus caiteachas a bhaineann leis na himeachtaí seo a íoc.

### Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí.

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir cúig shaincheist dlí, mar thaca lena chaingean i gcoinne an cinneadh réitigh agus ocht saincheist dlí mar thaca leis an gcaingean i gcoinne chinneadh ICDI.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear, maidir leis an gcinneadh réitigh, go ndearna BRA earráidí sa dlí. Maíonn an t-iarratasóir go sáraítear leis an gcinneadh réitigh forálacha Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 an 15 Iúil 2014, [3] agus Rialacháin Tarmligthe (AE) 2016/1075 ón gCoimisiún an 23 Márta 2016, [4] chomh maith le prionsabal na comhréireachta.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear, maidir leis an gcinneadh réitigh, go ndearna BRA earráidí follasacha measúnaithe agus gur sháraigh sé prionsabal an dea-rialachais.

   — Mar thaca leis an tsaincheist sin, maíonn an t-iarratasóir gur ghlac BRA stráitéis aonfhoirmeach "bannaí isteach amháin" le haghaidh gach institiúide domhanda a bhfuil tábhacht shistéamach ag baint léi (G-SII), gan aird ar chásanna réitigh iarbhír, agus gur theip air na heilimintí bunaithe ar fíricí agus réasún a fhiosrú go cúramach agus go neamhchlaonta, a chuir an t-iarratasóir ar aghaidh ina rogha i leith stráitéis réitigh.